2024/1365

17.5.2024

THE EUROPEAN PARLIAMENT

THE COUNCIL OF THE EUROPEAN UNION

THE EUROPEAN COMMISSION

THE COURT OF JUSTICE OF THE EUROPEAN UNION

THE EUROPEAN CENTRAL BANK

THE EUROPEAN COURT OF AUDITORS

THE EUROPEAN ECONOMIC AND SOCIAL COMMITTEE

THE EUROPEAN COMMITTEE OF THE REGIONS

Comhaontú idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh, an Coimisiún Eorpach, Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, an Banc Ceannais Eorpach, Cúirt Iniúchóirí na hEorpa, Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus Coiste Eorpach na Réigiún, lena mbunaítear comhlacht idirinstitiúideach um chaighdeáin eitice do chomhaltaí na n-institiúidí agus na gcomhlachtaí comhairleacha dá dtagraítear in Airteagal 13 den Chonradh ar an Aontas Eorpach

PARLAIMINT NA hEORPA,

COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

AN COIMISIÚN EORPACH,

CÚIRT BHREITHIÚNAIS AN AONTAIS EORPAIGH,

AN BANC CEANNAIS EORPACH,

CÚIRT INIÚCHÓIRÍ NA hEORPA,

COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA,

COISTE EORPACH NA RÉIGIÚN

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá an eitic, an tsláine agus an trédhearcacht riachtanach chun muinín shaoránaigh an Aontais in obair pholaitiúil, reachtach agus riaracháin institiúidí an Aontais a choinneáil ar bun. Féachfaidh gníomhaithe an Aontais le cóineasú maidir le cultúr coiteann a chothú atá bunaithe ar na luachanna sin, i gcomhréir leis na Conarthaí.

(2) Tá freagracht ar leith ar chomhaltaí institiúidí an Aontais agus comhlachtaí comhairleacha an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 13 den Chonradh ar an Aontas Eorpach na prionsabail agus na hoibleagáidí eitice a leagtar amach sna Conarthaí a urramú agus a chorprú chomh maith leis na rialacha atá díorthaithe uathu ag gach institiúid agus comhlacht comhairleach.

(3) Tá sé tábhachtach go mbeidh rialacha soiléire trédhearcacha ag institiúidí agus ag comhlachtaí comhairleacha an Aontais agus go gcuirfidh siad i bhfeidhm iad ina leith sin. Ba cheart creat d'íoschaighdeáin chomhchoiteanna ionracais agus neamhspleáchais dá gcomhaltaí a bheith acu freisin agus ba cheart sásraí a bheith acu chun a áirithiú go gcomhlíonfar na rialacha eitice is infheidhme maidir lena gcomhaltaí.

(4) Is é is cuspóir don Chomhaontú seo creat idirinstitiúideach a bhunú le haghaidh comhair maidir le caighdeáin eitice do chomhaltaí na bPáirtithe, lena mbunaítear comhlacht idirinstitiúideach um chaighdeáin eitice (an 'Comhlacht'). Arna iarraidh sin dó, féadfaidh an Banc Eorpach Infheistíochta a bheith ina Pháirtí sa Chomhaontú seo freisin tar éis dó teacht i bhfeidhm.

(5) Chun neamhspleáchas na mbreithiúna a ráthú, ba cheart ról Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh i gcomhthéacs an Chomhaontaithe seo a bheith teoranta do ról breathnóra. Chuirfeadh an ról sin ar a cumas tairbhe a bhaint as íoschaighdeáin chomhchoiteanna an Chomhlachta sa mhachnamh ar a rialacha eitice féin.

(6) Ba cheart gurb iad cúraimí an Chomhlachta íoschaighdeáin chomhchoiteanna maidir le hiompar chomhaltaí na bPáirtithe a fhorbairt i líon sainithe réimsí i gcomhréir leis an gComhaontú seo ('na híoschaighdeáin chomhchoiteanna), malartuithe tuairimí a thionól maidir leis an bhféinmheasúnú arna dhéanamh ag institiúid nó ag comhlacht comhairleach i dtaca le rialacha inmheánacha a ailíniú leis na híoschaighdeáin chomhchoiteanna agus comhar idirinstitiúideach a chothú sa réimse sin. Ba cheart don Chomhlacht rannchuidiú freisin le feasacht a ardú maidir leis an tábhacht atá le hiompar eiticiúil agus maidir leis na híoschaighdeáin chomhchoiteanna. Chuige sin, féadfaidh saineolaithe neamhspleácha rannchuidiú le hiarrachtaí an Chomhlachta.

(7) Féadfaidh comhlachtaí, oifigí nó gníomhaireachtaí de chuid an Aontais, seachas na Páirtithe sa Chomhaontú seo, a roghnú ar bhonn deonach an tacar iomlán d'íoschaighdeáin chomhchoiteanna arna bhforbairt agus atá le forbairt ag an gComhlacht a chur i bhfeidhm, i ndáil leis na rialacha is infheidhme maidir leis na daoine, seachas a mbaill foirne, a bhfuil feidhm acu atá comhchosúil le feidhmeanna chomhaltaí na bPáirtithe sa Chomhaontú seo.

(8) Ba cheart feidhm a bheith ag an malartú tuairimí i ndáil le féinmheasúnuithe freisin maidir le comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí de chuid an Aontais, seachas na Páirtithe, a roghnaíonn ar bhonn deonach tacar iomlán na n-íoschaighdeán comhchoiteann a chur i bhfeidhm. Chuige sin, ba cheart do gach ceann acu ionadaí a ainmniú ar mhaithe le tuairimí a mhalartú.

(9) Agus an Comhaontú seo á chur i bhfeidhm, ba cheart saintréithe agus stádas sonrach gach Páirtí sa Chomhaontú seo agus a chomhaltaí a chur san áireamh go hiomlán.

(10) Níor cheart d'aon ní sa Chomhaontú seo cosc a chur ar Pháirtí sa Chomhaontú seo ceanglais níos airde maidir le heitic a fhorchur ar a chomhaltaí, go háirithe i bhfianaise riosca sonrach a bhaineann le sainordú agus cúraimí an Pháirtí sa Chomhaontú seo nó a chomhaltaí.

(11) Níor cheart d'aon ní sa Chomhaontú seo, in imthosca ar bith, a bheith ina fhoras chun na caighdeáin eitice arna gcur i bhfeidhm cheana ag Páirtí sa Chomhaontú seo sna hábhair a chumhdaítear leis an gComhaontú seo a ísliú.

(12) Úsáideann institiúidí agus comhlachtaí comhairleacha an Aontais Eorpaigh dearbhuithe leasanna agus dearbhuithe caighdeánaithe eile i scríbhinn ó chomhaltaí. Ba cheart an deis a bheith ag gach Páirtí sa Chomhaontú seo dul i gcomhairle leis na saineolaithe neamhspleácha nó ceisteanna a chur faoina mbráid ina leith sin, má mheasann an Páirtí sin go bhfuil sé sin ábhartha maidir le cásanna a éilíonn breithniú ar leith nó chun caighdeán eitice a fhorbairt nó a thabhairt cothrom le dáta. Chuige sin, ba cheart do na saineolaithe neamhspleácha tuarascáil a chur faoi bhráid an Chomhlachta ar bhonn bliantúil, ina ndéanfar achoimre i bhfoirm chomhiomlánaithe agus anaithnidithe ar na comhairliúcháin agus ar na ceisteanna a thíolacann na Páirtithe sa Chomhaontú seo agus ar an obair leantach a dhéantar orthu. Níor cheart comhairliúchán ná ceisteanna den sórt sin a úsáid, áfach, sna nósanna imeachta a leagtar síos sna Conarthaí chun comhaltaí Pháirtí sa Chomhaontú seo a cheapadh nó a thoghadh i gcomhréir leis na critéir a leagtar amach sna Conarthaí.

(13) Níor cheart d'fheidhmiú an Chomhlachta cur isteach ar inniúlachtaí aon cheann de na Páirtithe mar a leagtar amach sna Conarthaí ná difear a dhéanamh dá gcumhachtaí faoi seach maidir le heagrú inmheánach ná don chóras srianta agus ceartúchán arna mbunú leis na Conarthaí. Níor cheart dó ach oiread cur isteach ar chumhachtaí comhlachtaí eile, lena n-áirítear cumhachtaí na hOifige Eorpaí Frith-Chalaoise (OLAF) agus an Ombudsman Eorpaigh.

(14) Ba cheart do gach Páirtí sa Chomhaontú seo a dhícheall a dhéanamh cothromaíocht inscne a áirithiú maidir lena ionadaithe agus ionadaithe malartacha an Chomhlachta a cheapadh. Ba cheart iarracht a dhéanamh claonadh i dtreo cothromaíocht inscne agus éagsúlacht gheografach a bhaint amach i gcomhdhéanamh foriomlán an Chomhlachta, ina mheasc sin a chomhaltaí (ionadaithe agus ionadaithe malartacha) agus a Chathaoirleach, chomh maith leis na saineolaithe neamhspleácha.

(15) Agus a gcúraimí faoin gComhaontú seo á bhfeidhmiú acu, ba cheart don Chomhlacht agus do na saineolaithe neamhspleácha na feidhmeanna éagsúla a fheidhmíonn Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála faoi na Conarthaí a chur san áireamh.

(16) Ba cheart do na Páirtithe sa Chomhaontú seo comhar dílis frithpháirteach a chleachtadh i gcónaí agus an Comhaontú seo á chur chun feidhme acu.

(17) Tá foireann na n-institiúidí agus na gcomhlachtaí comhairleacha faoi réir rialacha maidir le hiompar eiticiúil faoi Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh agus Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh eile an Aontais, a leagtar síos i Rialachán (CEE, Euratom, CEGC) Uimh. 259/68 ón gComhairle ([1]), chomh maith le coinníollacha fostaíochta na foirne agus rialacha fhoireann an Bhainc Cheannais Eorpaigh. Ba cheart do na Páirtithe sa Chomhaontú seo dea-chleachtais a roinnt i bhfóraim atá tiomnaithe do chur chun feidhme na rialacha foirne agus, a mhéid atá siad ábhartha, ba cheart dóibh leas a bhaint as na híoschaighdeáin chomhchoiteanna chun iad a chur ar an eolas agus athbhreithniú á dhéanamh acu ar a rialacha inmheánacha maidir le cur i bhfeidhm na rialacha foirne sin.

([1]) IO L 56, 4.3.1968, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/1968/259(1)/oj.

(18) Síníonn na Páirtithe an Comhaontú seo tar éis dóibh a nósanna imeachta inmheánacha faoi seach chun na críche sin a chur i gcrích,

TAR ÉIS A CHOMHAONTÚ MAR A LEANAS:

Airteagal 1

Ábhar agus raon feidhme

1. Leis an gComhaontú seo déanann Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle, an Coimisiún Eorpach, Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, an Banc Ceannais Eorpach, Cúirt Iniúchóirí na hEorpa, Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus Coiste Eorpach na Réigiún Coiste Eorpach na Réigiún ('na Páirtithe') creat idirinstitiúideach um chomhair a bhunú maidir le caighdeáin eitice lena mbunaítear comhlacht idirinstitiúideach um chaighdeáin eitice ('an Comhlacht') le haghaidh chomhaltaí na bPáirtithe.

Leagtar amach sa Chomhaontú seo an creat agus na prionsabail oibriúcháin an Chomhlachta.

2. Beidh ról Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh i gcomhthéacs an Chomhaontaithe seo teoranta do ról breathnóra. Sa cháil sin, freastalóidh sé ar chruinnithe an Chomhlachta, gan páirt a ghlacadh sa phróiseas cinnteoireachta, agus gheobhaidh sí an fhaisnéis a cuirfear ar fáil do chomhaltaí an Chomhlachta, a mhéid a bhaineann na cruinnithe sin agus an fhaisnéis sin le cur i bhfeidhm Airteagal 8.

3. Cuirfear stádas chomhaltaí na bPáirtithe san áireamh sna híoschaighdeáin arna bhforbairt ag an gComhlacht i gcomhréir leis an gComhaontú seo maidir le hiompar chomhaltaí na bPáirtithe ('na híoschaighdeáin chomhchoiteanna') agus ní bheidh siad ar neamhréir lena sainordú de chuid an Aontais Eorpaigh.

4. I gcás chomhaltaí na bPáirtithe a fheidhmíonn a sainordú ón Aontas Eorpach ar bhonn sainordú náisiúnta, réigiúnach nó áitiúil, nó sa bhreis ar an sainordú sin, nó ar bhonn feidhm nó gníomhaíocht eile atá faoi réir rialacha náisiúnta sonracha, ní bheidh na híoschaighdeáin chomhchoiteanna ábhartha ach amháin chun sainordú an Aontais Eorpaigh a fheidhmiú.

5. Arna iarraidh sin dó, déanfar Páirtí den Bhanc Eorpach Infheistíochta sa Comhaontú seo. Gabhfaidh éifeacht lena rannpháirtíocht sa Chomhlacht ón dáta a ainmneoidh sé ionadaí chuig an gComhlacht, i gcomhréir le hAirteagal 3(1). Maidir le haon íoschaighdeán comhchoiteann arna fhorbairt ag an gComhlacht roimh rannpháirtíocht éifeachtach an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta, beidh feidhm ag Airteagal 23(2).

Airteagal 2

Sainmhíniú ar 'chomhaltaí na bPáirtithe'

1. Chun críocha an Chomhaontaithe seo, ciallaíonn 'comhaltaí na bPáirtithe':

(a) Feisirí Pharlaimint na hEorpa;

(b) Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála, lena n-áirítear ina fheidhm mar Uachtarán na Comhairle Gnóthaí Eachtracha;

(c) comhaltaí an Choimisiúin Eorpaigh;

(d) comhaltaí Bhord Feidhmiúcháin an Bhainc Cheannais Eorpaigh chomh maith le Comhaltaí na Comhairle Rialaithe agus an Bhoird Maoirseachta an Bhainc Cheannais Eorpaigh agus a bhfeidhmeanna á bhfeidhmiú acu;

(e) comhaltaí Chúirt Iniúchóirí na hEorpa;

(f) comhaltaí Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa maidir le feidhmiú a sainordaithe de chuid an Aontais Eorpaigh;

(g) comhaltaí agus comhaltaí malartacha Choiste Eorpach na Réigiún, ach amháin a mhéid a bhaineann le feidhmiú a sainordaithe áitiúil nó réigiúnaigh.

2. Má dhéantar Páirtí den Bhanc Eorpach Infheistíochta de bhun Airteagal 1(5), áireofar sa sainmhíniú i mír 1 comhaltaí Choiste Bainistíochta an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta mar aon le Comhaltaí an Bhoird Stiúrthóirí an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta agus a bhfeidhmeanna á bhfeidhmiú acu.

Airteagal 3

An Comhlacht

1. Déanfaidh comhalta amháin ('comhalta an Chomhlachta') ionadaíocht thar ceann gach Páirtí sa Chomhlacht. Chuige sin, ceapfaidh gach Páirtí ionadaí agus ionadaí malartach a shuífidh mar chomhalta an Chomhlachta nuair a bheidh an t-ionadaí as láthair nó nuair a chuirfear bac air. Ceapfar na hionadaithe agus a gcomhaltaí malartacha 2 mhí ar a mhéad tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo. Déanfaidh gach Páirtí a dhícheall cothromaíocht inscne a áirithiú agus a ionadaithe agus a ionadaithe malartacha á gceapadh.

2. Beidh ionadaithe na bPáirtithe, i bprionsabal, ar leibhéal Leas-Uachtarán nó ar leibhéal coibhéiseach.

3. Beidh lánrogha ag gach Páirtí dul ar aghaidh le hionadú nó le hathcheapadh a ionadaí nó a ionadaí mhalartaigh, agus gach iarracht á déanamh aige i gcónaí cothromaíocht inscne a áirithiú i measc na n-ionadaithe agus na n-ionadaithe malartacha. I gcás ar bith, tiocfaidh deireadh go huathoibríoch le téarma ionadaí nó ionadaí mhalartaigh nuair a scoirfidh an t-ionadaí nó an t-ionadaí malartach sin de bheith i seilbh oifige sa Pháirtí a ndéanann sé ionadaíocht thar a cheann.

4. Gníomhóidh an Comhlacht trí chomhthoil, mura bhforáiltear go sainráite dá mhalairt sna Rialacha Nós Imeachta atá le glacadh de bhun Airteagal 14 maidir le ceisteanna nós imeachta agus riaracháin.

Airteagal 4

Cathaoirleach an Chomhlachta

1. Beidh ionadaí gach Páirtí ina chathaoirleach ar an gComhlacht ar bhonn uainíochta ar feadh téarma aon bhliain amháin ach amháin má roghnaíonn an Páirtí a cheart a tharscaoileadh. Leanfaidh an uainíocht i measc na bPáirtithe ord na n-institiúidí sa liosta a leagtar síos in Airteagal 13(1) den Chonradh ar an Aontas Eorpach. A luaithe a bheidh an liosta sin ídithe, leanfar den uainíocht leis an dá chomhlacht chomhairleacha dá dtagraítear in Airteagal 13(4) den Chonradh ar an Aontas Eorpach. Leanfaidh sé ansin leis an mBanc Eorpach Infheistíochta má dhéantar Páirtí de, de bhun Airteagal 1(5).

2. Eagróidh an Cathaoirleach obair an Chomhlachta, á áirithiú go ndéanfar na bearta eagrúcháin agus nós imeachta iomchuí agus go dtabharfar aird chomhaltaí an Chomhlachta ar an bhfaisnéis agus ar na doiciméid go léir is gá.

Airteagal 5

Saineolaithe neamhspleácha

1. Tabharfaidh cúigear saineolaithe neamhspleácha cúnamh don Chomhlacht agus freastalóidh siad ar chruinnithe uile an Chomhlachta mar bhreathnóirí agus tabharfaidh siad comhairle do chomhaltaí an Chomhlachta maidir le haon cheist eitice a bhaineann le sainordú an Chomhlachta ('na saineolaithe neamhspleácha'). Ainmneoidh na saineolaithe neamhspleácha cainteoir as a measc. Urramóidh siad na caighdeáin eitice is airde, caighdeáin a bheidh coibhéiseach ar a laghad leis na híoschaighdeáin chomhchoiteanna.

2. Ceapfar na saineolaithe neamhspleácha agus a n-inniúlacht, a dtaithí, a neamhspleáchas agus a gcáilíochtaí gairmiúla á gcur san áireamh. Beidh taifead gan locht acu i dtaobh iompar gairmiúil chomh maith le taithí ar phoist ardleibhéil in eagraíochtaí poiblí Eorpacha, náisiúnta nó idirnáisiúnta. Roghnófar iad ar thogra ó Pháirtí agus trí chomhthoil na bPáirtithe tar éis nós imeachta arb é a bheidh ann na daoine aonair is fearr atá ar fáil agus ar féidir leis na Páirtithe teacht ar chomhthoil ina leith a lorg ar bhealach trédhearcach. Is é an Comhlacht a leagfaidh síos mionsonraí an nós imeachta.

3. Dearbhóidh na saineolaithe neamhspleácha don Chomhlacht aon choinbhleacht leasa a d'fhéadfadh cur as dá neamhspleáchas nó dá neamhchlaontacht. I gcásanna den sórt sin, déanfaidh an Comhlacht cinneadh maidir leis an ngá atá le haon bheart a dhéanamh agus, más gá, maidir leis na bearta cuí atá le déanamh.

4. Agus na saineolaithe neamhspleácha á gceapadh acu, déanfaidh na Páirtithe a ndícheall cothromaíocht inscne agus éagsúlacht gheografach a áirithiú.

5. Is 3 bliana a bheidh i dtéarma na saineolaithe neamhspleácha, agus beidh sé in-athnuaite aon uair amháin. Má scoireann saineolaí neamhspleách d'oifig sula gcuirfear an téarma 3 bliana i gcrích nó má chinneann na Páirtithe trí chomhthoil saineolaí neamhspleách a chúlghairm, déanfaidh na Páirtithe trí chomhthoil saineolaí neamhspleách nua a cheapadh le haghaidh 3 bliana.

6. Chun críocha riaracháin amháin, gheobhaidh na saineolaithe neamhspleácha stádas mar Chomhairleoir Speisialta ón gCoimisiún agus beidh siad ceangailte leis an gCoimisiún ó thaobh riaracháin de. Déanfar na speansais taistil agus chóiríochta a thabhaíonn siad agus a ndualgais á gcomhlíonadh acu a aisíoc leo. Gheobhaidh siad liúntas *per diem* in aghaidh an lae oibre arna ríomh ar bhonn luach saothair oifigigh de chuid an Aontais de ghrád AD12.

Airteagal 6

Sainordú an Chomhlachta

1. Rannchuideoidh an Comhlacht le cultúr coiteann eitice agus trédhearcachta a chur chun cinn i measc na bPáirtithe, go háirithe trí íoschaighdeáin chomhchoiteanna a fhorbairt agus trí mhalartú dea-chleachtas ar an ábhar a chothú.

2. Is iad seo a leanas cúraimí an Chomhlachta:

(a) íoschaighdeáin chomhchoiteanna a fhorbairt le haghaidh iompar chomhaltaí na bPáirtithe, sna réimsí dá dtagraítear in Airteagal 8;

(b) na híoschaighdeáin choiteanna a thabhairt cothrom le dáta, i gcomhréir le hAirteagal 9;

(c) malartú tuairimí a thionól ar bhonn an mheasúnaithe arna dhéanamh ag gach Páirtí nó an measúnú arna dhéanamh ag comhlacht, oifig nó gníomhaireacht de chuid an Aontais atá rannpháirteach ar bhonn deonach, ar measúnú é a bhaineann le hailíniú a rialacha inmheánacha féin leis na híoschaighdeáin chomhchoiteanna, i gcomhréir le hAirteagal 10;

(d) léirmhíniú teibí ar íoschaighdeáin chomhchoiteanna a chur ar fáil do na Páirtithe;

(e) comhar a chur chun cinn i measc na bPáirtithe maidir le saincheisteanna leasa choitinn a bhaineann lena rialacha inmheánacha i dtaca le hiompar a gcomhaltaí agus malartuithe le haon eagraíocht Eorpach, náisiúnta nó idirnáisiúnta eile a bhfuil a cuid oibre ábhartha chun íoschaighdeáin chomhchoiteanna a fhorbairt;

(f) tuarascáil bhliantúil a eisiúint i gcomhréir le hAirteagal 18.

3. Ní chuirfidh feidhmiú an Chomhlachta isteach ar inniúlachtaí na bPáirtithe ná ní dhéanfaidh sé difear dá gcumhachtaí faoi seach maidir le heagrú inmheánach. Go háirithe, gan dochar d'Airteagal 7, ní bheidh an Comhlacht inniúil maidir le rialacha inmheánacha Páirtí a chur i bhfeidhm ar chásanna aonair.

Airteagal 7

Comhairliúchán le saineolaithe neamhspleácha ag Páirtí

1. Má mheasann Páirtí go bhfuil ábharthacht ar leith ag baint leis, i gcásanna a éilíonn breithniú ar leith nó chun caighdeán eitice a fhorbairt nó a thabhairt cothrom le dáta, féadfaidh an Páirtí dul i gcomhairle leis na saineolaithe neamhspleácha agus ceisteanna a chur faoina mbráid maidir le comhlíonadh dearbhuithe leasanna nó aon dearbhú caighdeánaithe eile i scríbhinn, nó eilimintí nó dréachtaí de dhearbhuithe den sórt sin, óna chomhaltaí féin leis na híoschaighdeáin chomhchoiteanna arna bhforbairt ag an gComhlacht agus arna léiriú ag an bpáirtí ina rialacha inmheánacha. Go dtí go dtiocfar ar chomhaontú maidir le híoschaighdeáin chomhchoiteanna, féadfar ceisteanna den sórt sin a tharchur chuig na saineolaithe neamhspleácha bunaithe ar chaighdeáin ábhartha eile is infheidhme maidir leis an bPáirtí.

2. Is de réir rialacha an Pháirtí féin a dhéanfar cinneadh an Pháirtí maidir leis an gcomhairliúchán agus na ceisteanna a chuirfear ar na saineolaithe neamhspleácha.

3. Cuirfidh na saineolaithe neamhspleácha tuairim rúnda neamhcheangailteach i scríbhinn ar fáil don Pháirtí mar fhreagra ar an gcomhairliúchán nó ar na ceisteanna. Déanfar an tuairim sin a sheachadadh laistigh de thréimhse réasúnta a chomhaontófar leis an bPáirtí. Mura nglacfar tuairim na saineolaithe neamhspleácha d'aon toil, áireofar sa tuairim aon dearcadh easaontach. Beidh plé na saineolaithe neamhspleácha faoi rún.

4. D'fhonn measúnú an Chomhlachta a chur ar an eolas faoin ngá atá le híoschaighdeáin chomhchoiteanna a fhorbairt nó a thabhairt cothrom le dáta, soláthróidh na saineolaithe neamhspleácha cuntas bliantúil anaithnidithe agus comhiomlánaithe ar na comhairliúcháin agus ar na ceisteanna a chuir na Páirtithe faoina mbráid agus ar an obair leantacha chun a mholadh don Chomhlacht, i gcás inarb iomchuí, go ndéanfar na híoschaighdeáin chomhchoiteanna a fhorbairt nó a thabhairt cothrom le dáta.

5. Beidh an tAirteagal seo gan dochar do shainordú an Chomhlachta faoi Airteagal 6.

Airteagal 8

Íoschaighdeáin chomhchoiteanna a fhorbairt

1. I gcomhréir le hAirteagal 1(3) agus (4), forbrófar na híoschaighdeáin chomhchoiteanna i gcomhréir le cearta agus oibleagáidí chomhaltaí na bPáirtithe mar a eascraíonn siad as na Conarthaí agus as rialacha eile is infheidhme maidir leis na comhaltaí sin. Ní dhéanfaidh na híoschaighdeáin chomhchoiteanna difear don chóras srianta agus ceartúchán arna bhunú leis na Conarthaí.

2. Bainfidh na híoschaighdeáin chomhchoiteanna leis na réimsí seo a leanas:

(a) leasanna airgeadais agus neamhairgeadais atá le dearbhú ag comhaltaí na bPáirtithe;

(b) gníomhaíochtaí seachtracha chomhaltaí na bPáirtithe le linn a dtéarmaí oifige;

(c) glacadh le bronntanais, fáilteachas, taisteal a thairgeann tríú páirtithe do chomhaltaí na bPáirtithe le linn a dtéarmaí oifige;

(d) glacadh le dámhachtainí, gradaim, duaiseanna agus onóracha ag comhaltaí na bPáirtithe le linn a dtéarmaí oifige;

(e) gníomhaíochtaí chomhaltaí na bPáirtithe tar éis dheireadh a dtéarmaí oifige;

(f) coinníollacht agus bearta comhlántacha trédhearcachta de réir bhrí agus raon feidhme Chomhaontú Idirinstitiúideach an 20 Bealtaine 2021 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir le clár trédhearcachta sainordaitheach ([2]), go háirithe a mhéid a bhaineann le cruinnithe chomhaltaí na bPáirtithe a bhfuil ionadaithe leasa acu mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (a), den Chomhaontú sin.

3. Forbróidh an Comhlacht íoschaighdeáin chomhchoiteanna freisin maidir leis na nithe seo a leanas:

(a) nósanna imeachta ginearálta arna mbunú ag na Páirtithe chun comhlíonadh a rialacha eitice inmheánacha a áirithiú agus chun faireachán a dhéanamh orthu, go háirithe maidir le hábhair amhail gníomhaíochtaí rialta múscailte feasachta, comhdhéanamh agus cúraimí comhlachtaí inmheánacha atá freagrach as ceisteanna eitice, sásraí tuairiscithe don Pháirtí lena mbaineann i gcás ina bhfuil amhras ann gur sáraíodh rialacha eitice – lena n-áirítear tuairisciú ar chiapadh líomhnaithe a bhaineann le comhaltaí na bPáirtithe chomh maith le gníomhaíocht leantach maidir leis an tuarascáil agus cosaint na ndaoine tuairiscithe i gcoinne frithbhirt -, agus nósanna imeachta chun bearta iomchuí a thionscnamh nó a ghlacadh i gcás sáruithe;

(b) ceanglais maidir le foilsiú sna réimsí dá dtagraítear i mír 2.

4. Féadfaidh an Comhlacht íoschaighdeáin chomhchoiteanna bhreise i réimsí eile seachas na réimsí a liostaítear i míreanna 2 agus 3 a fhorbairt.

5. Tiocfaidh an Comhlacht ar chomhaontú maidir leis na híoschaighdeáin chomhchoiteanna laistigh de 6 mhí tar éis cheapadh a chomhaltaí agus na saineolaithe neamhspleácha araon, i gcomhréir le hAirteagal 3(1) agus Airteagal 5(2), faoi seach, agus laistigh de 6 mhí tar éis an chinnidh chun íoschaighdeáin chomhchoiteanna a fhorbairt tuilleadh faoi mhír 4.

6. Déanfar na híoschaighdeáin chomhchoiteanna a chur ar bhonn foirmiúil i scríbhinn agus, agus aird chuí á tabhairt ar neamhspleáchas gach Páirtí, cuirfear in iúl do na Páirtithe go léir iad. Cuirfear na híoschaighdeáin chomhchoiteanna ar fáil don phobal ar shuíomh gréasáin an Chomhlachta.

Airteagal 9

Na híoschaighdeáin chomhchoiteanna a thabhairt cothrom le dáta

1. Déanfaidh an Comhlacht measúnú ar an ngá atá le híoschaighdeáin chomhchoiteanna a thabhairt cothrom le dáta i gcás ina measfaidh comhalta amháin nó níos mó den Chomhlacht gur gá athbhreithniú a dhéanamh.

2. Féadfar a mheas gur gá athbhreithniú a dhéanamh go háirithe i ngeall ar fhorbairtí i gcásdlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, i ngeall ar chaighdeáin eitice nua nó ar mhodhnaithe ag eagraíochtaí idirnáisiúnta, i ngeall ar fhorbairtí teicniúla nua nó i ngeall ar an ngá atá le híoschaighdeáin chomhchoiteanna a shoiléiriú mar thoradh ar shaincheisteanna athfhillteacha.

3. Beidh feidhm ag Airteagal 8(5) agus (6) maidir le híoschaighdeáin chomhchoiteanna a thabhairt cothrom le dáta.

([2]) IO L 207, 11.6.2021, lch. 1.

Airteagal 10

Malartú tuairimí maidir le féinmheasúnuithe na bPáirtithe

1. Déanfaidh gach Páirtí féinmheasúnú i scríbhinn ar a rialacha inmheánacha agus ar a n-ailíniú leis na híoschaighdeáin chomhchoiteanna, agus le haon nuashonruithe ar na híoschaighdeáin chomhchoiteanna.

2. Cuirfidh gach Páirtí an féinmheasúnú i gcrích laistigh de 4 mhí tar éis do na híoschaighdeáin chomhchoiteanna a bheith curtha in iúl do na Páirtithe.

3. Déanfaidh ionadaí an Pháirtí lena mbaineann an féinmheasúnú a chur i láthair do chruinniú den Chomhlacht.

4. Bunóidh na saineolaithe neamhspleácha tuairim i scríbhinn maidir le gach féinmheasúnú, laistigh de 2 mhí tar éis an chruinnithe sin den Chomhlacht. Mura nglacfar tuairim na saineolaithe neamhspleácha d'aon toil, áireofar sa tuairim aon dearcadh easaontach. Beidh plé na saineolaithe neamhspleácha faoi rún.

5. Laistigh de 2 mhí ón tuairim i scríbhinn dá dtagraítear i mír 4 a fháil, reáchtálfaidh an Comhlacht malartú tuairimí bunaithe ar an bhféinmheasúnú agus ar an tuairim i scríbhinn.

6. Ullmhóidh an Rúnaíocht an Chomhlachta tuarascáil ina mbeidh achoimre ar an malartú tuairimí dá dtagraítear i mír 5 agus ina mbeidh na barúlacha deiridh. Féadfaidh an Comhlacht an tuarascáil a leasú sula ndéanfar í a fhormhuiniú. Déanfaidh sé an tuarascáil a fhormhuiniú laistigh den 2 mhí dá dtagraítear i mír 5. Beidh an tuairim scríofa ó na saineolaithe neamhspleácha mar chuid den tuarascáil.

7. Déanfaidh gach Páirtí a rialacha inmheánacha a athbhreithniú agus, i gcás ina measfaidh sé é a bheith iomchuí, déanfaidh sé a rialacha inmheánacha a thabhairt cothrom le dáta tráth nach déanaí ná 4 mhí tar éis don Chomhlacht an tuarascáil a fhormhuiniú.

8. Cuirfear an féinmheasúnú agus an tuarascáil ar fáil don phobal ar shuíomh gréasáin an Chomhlachta.

Airteagal 11

Malartú dea-chleachtas

1. Tionólfaidh an Comhlacht cruinniú uair sa bhliain ar a laghad a bheidh tiomnaithe d'ábhair leasa choitinn i réimse na heitice agus do mhalartú dea-chleachtas idir na Páirtithe.

2. Féadfaidh an Comhlacht cuireadh chuig an gcruinniú sin a thabhairt d'ionadaithe ó d'aon eagraíocht phoiblí náisiúnta, Eorpach nó idirnáisiúnta a meastar a gcuid oibre a bheith ábhartha maidir leis na caighdeáin a leagan síos.

Airteagal 12

Cruinnithe an Chomhlachta

1. Is é an Cathaoirleach a thionólfaidh cruinnithe an Chomhlachta, lena n-áirítear na saineolaithe neamhspleácha.

2. De bhreis ar na cruinnithe a thionólfar chun Airteagail 8 go 11 a chur i bhfeidhm, féadfaidh an Cathaoirleach, ar a thionscnamh féin nó arna iarraidh sin d'aon Pháirtí agus laistigh d'aon mhí amháin ón iarraidh sin a fháil, cruinnithe breise a thionól chun ábhair leasa choitinn a phlé.

Airteagal 13

Coinbhleachtaí leasa chomhaltaí an Chomhlachta

1. Seachnóidh comhaltaí an Chomhlachta aon chás a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh dá neamhspleáchas nó dá neamhchlaontacht i bhfeidhmiú a bhfeidhme sa Chomhlacht.

2. Dearbhóidh comhaltaí an Chomhlachta aon staid a chuireann as dá neamhspleáchas nó dá neamhchlaontacht go pras don Chathaoirleach agus a gcúraimí á gcomhlíonadh acu sa Chomhlacht. I gcás den sórt sin, cuirfidh an Páirtí lena mbaineann a mhalartach in ionad an chomhalta fad a choiscfear ar chomhalta an Chomhlachta páirt a ghlacadh in obair an Chomhlachta. Má dhéanann cás den sórt sin difear don chomhalta malartach freisin, ainmneoidh an Páirtí lena mbaineann comhalta malartach sealadach fad a mhairfidh an cás. Más rud é go mbaineann an cás leis an gCathaoirleach, cuirfear comhalta ina ionad go sealadach, ar comhalta den Chomhlacht é atá ina ionadaí thar ceann an chéad Pháirtí eile a bheidh ina Cathaoirleach i gcomhréir leis an uainíocht dá bhforáiltear in Airteagal 4(1).

Airteagal 14

Rialacha Nós Imeachta

Glacfaidh an Comhlacht a Rialacha Nós Imeachta, a chuirfear ar fáil don phobal, agus leasóidh sé iad de réir mar is gá.

Airteagal 15

Aisíocaíocht speansas

Déanfaidh an Páirtí a ndéanann an comhalta ionadaíocht air aon speansais a thabhóidh an comhalta i dtaca lena ndualgais sa Chomhlacht a chumhdach.

Airteagal 16

Rúnaíocht an Chomhlachta

1. Beidh Rúnaíocht ag gComhlacht. Is comhstruchtúr oibríochtúil a chuirfear ar bun chun feidhmiú an Chomhlachta a bhainistiú a bheidh sa Rúnaíocht. Beidh sé comhdhéanta den oifigeach i ngach Páirtí atá freagrach as na rialacha eitice do chomhaltaí agus dá fhoireann féin.

2. Déanfar an Rúnaíocht a óstáil go foirmiúil sa Choimisiún agus oibreoidh sí faoi chomhordú an oifigigh atá, laistigh den Pháirtí atá ina chathaoirleach ar an gComhlacht, freagrach as na rialacha eitice do chomhaltaí an Pháirtí sin, nó oifigeach a bheidh ainmnithe go sonrach chun na críche sin ag an bPáirtí atá i gceannas ar an gComhlacht ('an comhordaitheoir'). Déanfaidh an comhordaitheoir ionadaíocht thar ceann na Rúnaíochta agus déanfaidh sé maoirseacht ar a cuid oibre ó lá go lá, ar mhaithe le leas coiteann na bPáirtithe.

3. Déanfaidh an Rúnaíocht an méid seo a leanas:

(a) tuairisciú don Chomhlacht, a chruinnithe a ullmhú, cúnamh oibríochtúil a sholáthar ina chúraimí agus an tuarascáil dá dtagraítear in Airteagal 10(6) a ullmhú;

(b) an dréacht-tuarascáil bhliantúil dá dtagraítear in Airteagal 18 a ullmhú;

(c) gach comhfhreagras isteach agus amach leis an gComhlacht a threorú chuig a Chathaoirleach agus chuig an bPáirtí lena mbaineann an comhfhreagras;

(d) aon ghníomhaíocht eile is gá a dhéanamh chun an Comhaontú seo a chur chun feidhme go héifeachtach, lena n-áirítear cúnamh a thabhairt do na saineolaithe neamhspleácha ina gcúraimí dá bhforáiltear sa Chomhaontú seo.

Airteagal 17

Acmhainní

1. Trí bhíthin mheabhrán tuisceana idir a nArdrúnaithe, nó sealbhóirí oifige coibhéisí, meabhrán a chomhaontófar laistigh de 3 mhí tar éis cheapadh chomhaltaí an Chomhlachta, geallfaidh na Páirtithe na hacmhainní daonna, riaracháin, teicniúla agus airgeadais is gá a chur ar fáil, lena n-áirítear foireann leordhóthanach don Rúnaíocht, chun cur chun feidhme éifeachtach an Chomhaontaithe seo a áirithiú.

2. Roinnfidh na Páirtithe na costais a bhaineann le rúnaíocht an Chomhlachta agus leis na saineolaithe neamhspleácha i gcomhréir le méid a mbuiséid riaracháin féin. Soláthróidh siad cúiteamh airgeadais don Choimisiún ag tús gach bliain airgeadais. Cumhdóidh an Páirtí comhairliúcháin aon chostas a bheidh mar thoradh ar chomhairliúchán faoi Airteagal 7. Sa mheabhrán tuisceana dá dtagraítear i mír 1 leagfar amach na mionsonraí maidir le cur chun feidhme na míre seo, lena n-áirítear sásra chun stádas breathnóra Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh a chur san áireamh trí choigeartú anuas 50 % ar a ranníocaíocht. Déanfaidh páirtí athbhreithniú ar an meabhrán tuisceana sin gach bliain, nó níos luaithe má mheasann Páirtí gur gá sin, agus leasófar é i gcás inarb iomchuí.

3. Aon iarraidh ón gComhlacht a éilíonn caiteachas riaracháin breise de chineál eisceachtúil, déanfar é a dhíriú chuig na Páirtithe agus déanfaidh na páirtithe sin iarrataí buiséadacha ón gComhlacht a athbhreithniú agus a fhormheas ar bhonn bliantúil de réir a rialacha inmheánacha faoi seach.

Airteagal 18

Tuarascáil bhliantúil

1. Glacfaidh an Comhlacht tuarascáil bhliantúil maidir lena ghníomhaíochtaí i rith na bliana roimhe sin, tar éis plé sa chruinniú dá dtagraítear in Airteagal 11(1).

2. Cuirfear an tuarascáil bhliantúil ar fáil don phobal ar shuíomh gréasáin an Chomhlachta.

Airteagal 19

Suíomh gréasáin

1. Déanfaidh an Comhlacht suíomh gréasáin a oibriú ar a mbeidh faisnéis atá ábhartha maidir lena ghníomhaíochtaí ar fáil don phobal.

2. Beidh an méid seo a leanas, go háirithe, ar an suíomh gréasáin:

(a) comhdhéanamh an Chomhlachta, féilire a chruinnithe agus cláir oibre na gcruinnithe;

(b) na híoschaighdeáin chomhchoiteanna;

(c) na féinmheasúnuithe agus na tuarascálacha dá dtagraítear in Airteagal 10(1) agus (6), faoi seach;

(d) na rialacha uile is infheidhme de chuid na bPáirtithe uile sna réimsí a chumhdaítear leis na híoschaighdeáin chomhchoiteanna.

3. Ar an suíomh gréasáin, freisin, beidh an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 2 a bhaineann le comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí de chuid an Aontais atá rannpháirteach go deonach de bhun Airteagal 20.

Airteagal 20

Rannpháirtíocht dheonach chomhlachtaí, oifigí agus ghníomhaireachtaí an Aontais, seachas na Páirtithe

1. Féadfaidh comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais, seachas na Páirtithe, fógra a thabhairt don Chomhlacht gur mian leo an tacar íoschaighdeán comhchoiteann uile arna fhorbairt agus atá le forbairt ag an gComhlacht a chur chun feidhme go deonach, i ndáil leis na rialacha is infheidhme maidir leis na daoine, seachas a mbaill foirne, a bhfuil feidhm acu atá comhchosúil le feidhmeanna chomhaltaí na bPáirtithe.

2. Iarrfaidh an Comhlacht ar an gcomhlacht, an oifig nó an gníomhaireacht de chuid an Aontais lena mbaineann féinmheasúnú i scríbhinn a dhéanamh ar a rialacha inmheánacha féin agus a n-ailíniú leis na híoschaighdeáin chomhchoiteanna agus ionadaí a ainmniú chun páirt a ghlacadh i malartú tuairimí le comhaltaí an Chomhlachta. Beidh feidhm ag Airteagal 10(3) go (8) agus ag Airteagal 15 dá réir sin.

3. Beidh feidhm *mutatis mutandis* ag mír 2 den Airteagal seo nuair a fhorbróidh an Comhlacht íoschaighdeáin chomhchoiteanna bhreise nó nuair a thugann sé íoschaighdeáin chomhchoiteanna cothrom le dáta.

4. Na comhlachtaí, na hoifigí nó na gníomhaireachtaí de chuid an Aontais a thugann fógra don Chomhlacht de bhun mhír 1, déanfaidh siad ranníocaíocht le maoiniú an Chomhlachta. Leagfar amach na mionsonraí sa mheabhrán tuisceana dá dtagraítear in Airteagal 17(1).

Airteagal 21

Athbhreithniú

Déanfaidh na Páirtithe athbhreithniú ar an gComhaontú seo, agus i gcás inarb iomchuí, sainordú agus rialachas an Chomhlachta chomh maith le sainchúram na saineolaithe neamhspleácha, gach 3 bliana nó nuair a mholfaidh an Comhlacht é, d'fhonn feidhmiú an Chomhaontaithe seo a fheabhsú agus a mhéadú.

Airteagal 22

Socruithe idirthréimhseacha agus socruithe eile

1. De mhaolú ar an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 5(2), an tríú habairt, sa bhliain ina gcuirfear an Comhlacht ar bun, ceapfar na saineolaithe neamhspleácha le haghaidh sainordú iomlán as measc na gcomhaltaí reatha nó iarchomhaltaí na gcomhlachtaí inmheánacha atá ann cheana atá freagrach as cásanna eitice na bPáirtithe, cé is moite de chomhaltaí reatha nó d'iarchomhaltaí na bpáirtithe. Ceapfar na saineolaithe neamhspleácha 3 mhí ar a dhéanaí tar éis theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo. Chun athnuachan saineolaithe neamhspleácha a chéimniú, an chéad sainordú de thriúr as an gcúigear saineolaithe neamhspleácha, arna n-ainmniú trí chrannchur a tharraingt, beidh sé teoranta do 2 bhliain.

2. Féadfar síneadh a chur leis na teorainneacha dá dtagraítear i mír 1, agus in Airteagal 3(1) agus in Airteagal 10(2) chomh maith , ar chúiseanna a bhfuil údar oibiachtúil leo, go háirithe i gcás ina dtagann na teorainneacha ama sin laistigh de thréimhse ina bhfuil an Páirtí nuabhunaithe.

Airteagal 23

Forálacha críochnaitheacha

1. Beidh an Comhaontú seo ceangailteach ar na Páirtithe.

2. Comhaontaíonn na Páirtithe, gan dochar d'Airteagal 1(2), na híoschaighdeáin chomhchoiteanna arna bhforbairt ag an gComhlacht a léiriú ina rialacha inmheánacha trí bhíthin cinntí a ghlacfar ar bhonn a gcumhachtaí maidir le heagrú inmheánach agus bearta iomchuí a dhéanamh chun a áirithiú go gcuirfear an Comhaontú seo chun feidhme.

3. Tiocfaidh an Comhaontú seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh in sa Bhruiséil), an 15 Bealtaine 2024.

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa

The President

Roberta METSOLA

Thar ceann Chomhairle an Aontais Eorpaigh

Ambassador,
Permanent Representative
of the Kingdom of Belgium to the EU
Presidency-in-office

Willem van de VOORDE

Thar ceann an Choimisiúin Eorpaigh

on behalf of the President

The Vice-President

Věra JOUROVÁ

Thar ceann Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh

The President

Koen LENAERTS

Thar ceann an Bhainc Cheannais Eorpaigh

The President

Christine LAGARDE

Thar ceann Chúirt Iniúchóirí na hEorpa

The President

Tony MURPHY

Thar ceann Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa

The President

Oliver RÖPKE

Thar ceann Choiste Eorpach na Réigiún

The Vice-President

Luca MENESINI